

LEABHARLANN CHESTER BEATTY

TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE DON BHLIAIN 2002

IONTAOBHAITHE NA LEABARLAINNE 2002

Cathaoirleach

An Dochtúir T.P. Hardiman

An Tiarna Marc Cochrane

Dermot Desmond

Joan Duff

An tOllamh Seán Freyne

Freda Hayes (go dtí Feabhra 2002)

Elizabeth Maguire

Brendan O'Donoghue (Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ex officio)

Noreen Slattery

An tOllamh Roger Stalley

RÉAMHRÁ

Sonraítear ceithre fhorbairt mhóra i 2002:

- ócáid bhronnta an teidil, Iarsmalann Eorpach na Bliana i mí na Bealtaine;
- reáchtáladh dhá thaispeántas ealaíne (*Holy Show*, agus *Illustration Ireland*) a raibh dlúthcheangal acu leis na bailiúcháin;
- rinneadh feachtas fógraíochta ar raidió RTÉ arbh fhuascailt feasachta an phobail níos leithne ar bhailiúchán na Leabharlainne é agus ar an ionad nua ina bhfuil sé suite agus a chuir faoi deara méadú go 105,000 ar líon na gcuairteoirí i rith na bliana 2002, agus;
- rinneadh breis chomhtháthaithe ar láthair na Leabharlainne san áit nua ina bhfuil sí suite i bhFoirgneamh an Chlogthúir i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

B'fhuascailt feasachta an phobail ar an Leabharlann na gníomhaíochtaí sin uile agus tháinig méadú suntasach ar líon na gcuariteoirí dá gcionn.

Lainseáil an Leabharlann feachtas freisin chun airgead a bhailiú le haghaidh cheiliúradh lá a bunaithe tá 50 bliain ó shin i 1954 – arna bhunú ar staidéar a tugadh chun críche i 2001. Bhí an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir ag obair i gcomhar le Neal Newman ó Sheirbhísí Comhairleoireachta Pobail (SCP) chun an feachtas a chur chun cinn agus bhíodar gafa go mór leis ó mhí na Feabhra ar aghaidh. Chuir seirbhísí oideachais laethanta teaghlaigh, turais threoraithe, léachtaí agus imeachtaí eile ar fáil don phobal agus luadh obair seo na Leabharlainne go minic sa phreas náisiúnta. Scríobhadh faoin Leabharlann freisin i bhfoilseacháin idirnáisiúnta (in ailt sa *New York Times* agus san *International Herald Tribune*). Tharraing an clár *In the Steps of St Paul* ar BBC Radio 4 aird ar na bailiúcháin bhíobalta agus rinneadh tuairisciú fabhrach ar thaispeántas *Holy Show* ar an gclár i gcónaí; bíonn éileamh seasta ar mhodúl maidir le taistil Naomh Pól a cruthaíodh le haghaidh shuíomh idirlín na Leabharlainne. Fuarthas cuimse amas ar an suíomh idirlín www.cbl.ie (30,000 in aghaidh na míosa) agus bhí an Leabharlann féin luaite ar níos mó ná 7,000 suíomh idirlín ar fud an domhain. Ag deireadh na bliana tháinig táscaire láidir go dtí an Leabharlann go rabhthas ar tí dhá dheontais thábhachtacha a bhronnadh uirthi, ceann amháin ó Fhondúireacht Kodak agus an ceann eile ó fhondúireacht sa Bhreatain Mhór nach raibh ainmnithe agus tháinig airgead isteach freisin trí bhronntanais phríobháideacha. Dá thoradh sin beidh an Leabharlann in ann Bainisteoir Forbartha dá cuid féin a cheapadh agus, ar deireadh thiar, caomhnóir gairmiúil a earcú d'fhoireann na saotharlainne caomantais i 2003.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Tar éis do na comhairleoirí, Seirbhísí Comhairleoireachta Pobail (SCP), mionsuirbhé a dhéanamh chrom Neal Newman ar chaidreamh a chothú le páirtithe seachtracha thar ceann na Leabharlainne. Cuireadh Coiste Fíorbarta ar bun agus thug na Comhaltaí uile go fial dá gcuid ama. Seo iad na Comhaltaí:

An Dochtúir T.P. Hardiman

David Andrews

John Blake Dillon

An Tiarna Marc Cochrane

An Dochtúir Kate Coleman Moriarty

Ida Delamer

An Dochtúir Garret FitzGerald

Julie Godson

Rose Goodstadt

Brian Patterson

Cuireadh feachtas chun cinn chun feasacht ar an Leabharlann a mhúscailt i measc urraí agus pátrún ionchasacha. Tháinig obair an Uasail Newman i gcrích ag deireadh na bliana. Faoin am sin

áfach bhí éirithe leis é a chur ar chumas na Leabharlainne oifig forbartha dá cuid féin a thacú. I gcomhar leis an gCathaoirleach, leis an Stiúrtóir agus leis na Coimeádaithe rinne sé idirbheartaíocht maidir le roinnt deontas ionchasach agus d'éirigh leis aird fondúireachtaí tábhachtacha idirnáisiúnta a tharraingt ar an gcás le súil go dtabharfadh siad cúnaimh taca d'obair na Leabharlainne.

AN DOCHTÚIR JAMES WHITE agus FREDA HAYES

Tugaimid dár n-aire agus is oth linn é a chur in iúl, go bhfuil an Dochtúir James White a bhí ina Iontaobhaí ar an Leabharlann ar feadh níos mó ná 20 bliain éirithe as oifig. Chuidigh an Dochtúir White go mór leis an Leabharlann le linn a thréimhse mar chomhalta boird agus mar leaschathaoirleach. D'éirigh Freda Hayes as mar chomhalta Boird i 2002 de bharr coimhíntí gnó.

COISTE INIÚCHTA AGUS AIRGEADAIS

Cuireadh Coiste Iniúchta agus Airgeadais ar bun i mí Eanáir 2002 agus cheap na hIontaobhaithe comhaltaí lena aghaidh.

OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAS

Bhí an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta nua fial leis an gcúnaimh a thug sí don Leabharlann; aistríodh (ón iar-Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán) freagracht as na hInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta go dtí an Roinn nua i lár na bliana tar éis an toghcháin ghinearálta i mBealtaine 2002. Go gairid i ndiaidh dó seilbh a ghlacadh ar Oifig, shocraigh an tAire nua, John O'Donoghue, T.D., cruinnithe le stiúrthóirí uile na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus is é a bhí ina aoí onórach tráth a cheiliúr an Leabharlann ócáid bhronnta an teidil, Iarsmalann Eorpach na Bliana i mí Iúil. Fuair an Leabharlann cúnaimh deontais de €1.419 milliún ón Rialtas. Fuarthas deontas breise de €80,000 go deireanach sa bhliain chun seirbhísí closamhairc do chuairoteoirí a chur chun cinn. Is ionann an deontas cúnaimh agus beagán faoi bhun 84% de chaiteachas bliantúil na Leabharlainne; gnóthaítear an chuid eile den chaiteachas ón siopa bronntanais, ón airgead a thagann ó áiseanna na Leabharlainne a ligean ar cíós, ó chearta atáirgthe, ó bhronntanais agus ó shíntiúis. Tá nasc follasach idir líon na gcuairoteoirí agus an t-airgead a thagann chuig an Leabharlann; bhí tionchar mór ag fógraíocht raidió ar an méadú go níos mó ná 105,000 ar líon na gcuairoteoirí. A bhuíochas ár gcomhairleoirí caidrimh phoiblí Coyne Communications rinneadh poiblíocht fhorleathan agus luadh an Leabharlann go minic agus go dearfach ar raidió RTÉ agus BBC, ar stáisiúin raidió eile in Éirinn, sna nuachtáin náisiúnta agus sa phreas idirnáisiúnta.

Luadh go forleathan í sna meáin Eorpacha de bhrí gur ghnóthaigh sí an gradam, Iarsmalann Eorpach na Bliana. Ina theannta sin tuairiscíodh taispeántas an tsamhraidh, a d'éirigh go hiontach leis, go minic sna meáin in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

Thug an Leabharlann taispeántáin ar iasacht do thaispeántais thábhachtacha thar lear ar bhonn leanúnach. I rith na bliana bhí naoi gcinn de na heiseamláir is fearr atá sa Leabharlann de phéintéireacht agus de challagrafaíocht Pheirseach ón 14ú haois cuimsithe sa taispeántas, *The Legacy of Genghis Khan* a d'oscail sa Metropolitan Museum of Art i Nua Eabhrach i mí Dheireadh Fómhair. Taispeánfar é i Músaem na nEalaíon, Contae Los Angeles ó Aibreán go Iúil 2003.

Thug an Leabharlann amach ar iasacht freisin ceann amháin den dá phéintéireacht atá aici ón Hamzanama, lámhscríbin Mhógail (Indiach) ón séú haois déag atá scaipthe anois, don taispeántas *The Adventures of Hamza*, a d'oscail i Músaem Ealaíon Brooklyn i Samhain 2002. Beidh sé ag dul ar thuras go dtí Músaem Victoria and Albert Museum i Londain in earrach na bliana 2003. Is í Elaine Wright, Coimeádaí an Bailiúcháin Ioslamach a bhainistigh na híosachtaí seo. Ní minic a bhítear sách tuisceanach ar an oiread is a bhíonn acmhainní na Leabharlainne, ó thaobh taighde, grianghrafadóireachta agus socruithe iompar loingis de, ar éileamh de bharr na n-iasachtaí a sheoltar amach chuig thaispeántais. Ní féidir leis an Leabharlann íoc as costais na n-iasachtaí idirnáisiúnta mura dtagann iasachtaí isteach chomh maith; b'fhearr go dtiocfadh taispeántais ar iasacht a bhainfeadh lucht féachana na hÉireann taitneamh astu.

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí a dhéanann obair chothabhála ar an Leabharlann agus is í a bhí ag déanamh mionobair san fhoirgneamh. I rith na bliana dréachtaíodh pleananna chun na pasáistí a mhaisiú agus a athchóiriú ag na bealaí isteach go dtí na buantaispeántais agus chun pasáiste a thógáil mar chosaint ar shiorradh gaoithe ag an bpríomhbhealach isteach chuig an Leabharlann. D'fhreastail Oifig na nOibreacha Poiblí freisin do ghléasadh an dá thaispeántas a bhí ar siúl sa Leabharlann i 2002. Cuireadh críoch leis an obair a bhain le Seomra Léite na Lámhscríbhinní a fheistiú le troscáin agus bhí sé réidh le haghaidh gnáthúsáide ansin.

Tá easpa stórais le haghaidh trealamh taispeántais agus stoc siopa agus cruthaíonn sin deacrachtaí móra i gcónaí agus is é an Leabharlann a bhíonn thíos léi. Is i ndonacht atá sé ag dul agus pléadh an cás le hOifig na nOibreacha Poiblí agus tháinig táscaire uathu a thug le tuiscint go mb'fhéidir go gcuirfí ionaid sheachtracha ar fáil. Cé go bhfuil gach rud ag feidhmiú go maith san fhoirgneamh nua go ginearálta agus cé go bhfuil an pobal thar bheith sásta leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil ann, tá sé ag éirí soiléir go bhfuil breis spáis de dhíth sa Leabharlann.

Níl an Gailearaí Taispeántais Sealadach ag feidhmiú chomh maith agus ba chóir dó a fheidhmiú toisc go bhfuil an áit ina bhfuil sé suite teoranta agus sách beag agus gan solúbthacht. Fiú dá gcuirfí meirgí ar an mórchóir in airde d'fhonn na taispeántais shealadacha a fhógairt ní hamhlaidh gurbh fhusa do chuartheoirí é a aimsiú dá mbarr. Ar an meán, ní théann ach a leath de na cuairteoirí a thagann go dtí an Leabharlann go dtí an Gailearaí Taispeántais Sealadach.

Tá cumas mór ag an Leabharlann maidir le háiseanna a chur ar fáil to thaispeántais a thagann ar chuairt ach in ainneoin sin tá call ar ghailearaí i bhfad níos mó ina bhfuil áiseanna níos fearr chun cuairteoirí a bhainistiú. Tá táscairí ann freisin, má chuirtear an líon beag cuairteoirí a tháinig chuici ag am a bunaithe san áireamh, go bhfuil cumas mór chun fáis ag an Leabharlann. Tá sé ar taifead go raibh ardú de 30% ar líon na gcuartheoirí a tháinig chuig an Leabharlann i 2002, in ainneoin titime ar líon na dturasóirí ar bhonn náisiúnta.

IMEACHTAÍ

Ba bhliain thar bheith gnóthach don fhoireann ar gach leibhéal, 2002, ach bhí imeacht amháin go háirithe a d'fhág gur fhan sí sa chuimhne mar bhliain speisialta. Tugadh le fios don Leabharlann i ndiaidh an bhreithiúnais i Samhain 2001 go rabhthas curtha ar an ngearrliosta don Ghradam, Iarsmalann Eorpach na Bliana. Rinneadh gearrliosta de tríocha a haon as na naoi n-iarrthóir is tríocha a chuir a n-ainmneacha isteach. Ag an searmanas sa Lucsamburg i mBealtaine ainmníodh an Leabharlann mar Iarsmalann Eorpach na Bliana agus fuair an Stiúrthóir an gradam ó a Soilse Banríon Fabiola na mBeilgeach i bhfianaise a Mógacht Ríoga, Ard-Bhandiúc Lucsamburg. Ba é seo an chéad uair a bronnadh an gradam ar iarsmalann Éireannach.

I lua na mbreitheamh moladh an dóigh a nascadh an sean agus an nua trí na gailearaithe saintógtha i bhFoirgneamh an Chlogthúir atá ina láthair bhaile dúinn ó mí Dheireadh Fómhair 1999.

“Cruthaíodh taispeántais nua do bhailiúcháin luachmhara na Leabharlainne. Is éifeachtúil an dóigh a mbaineadh sin amach trí thaispeántais ghalánta allabhracha, go háirithe iad siúd a bhain le reiligiúin mhóra an domhain. Measadh gur éirigh leis an Leabharlann an aidhm a bhí aici a bhaint amach, is í sin daoine a mhealladh chuici ó gach réimse, agus moladh an bealach a raibh físeáin thostacha mhíniúcháin ag gabháil leis na taispeántáin mar áis bhreise ar fud na dtaispeántas, ag léiriú gnéithe táirgthe leabhar agus teicnicí ealaíona, nósmaireachtaí reiligiúnacha agus buaicphointí na bliana reiligiúnaí.

Is é a chuaigh i bhfeidhm ar an ngiúire a threise is a bhí bailiúcháin na hiarsamalainne maidir le hábhar a bhaineann le reiligiún agus an fhírinne gur in oileán na hÉireann a d'fhulaing go mór thar na blianta a bhí sí bunaithe.”

Mhair na láithreoirreachtaí agus na hagallamh a chuir painéal Fhóram Iarsmalainne na hEorpa ar na hiomaitheoirí ar feadh trí lá agus ina ndiaidh bhí searmanas bronnta na ngradam ina bhuaicphointe. Chinntigh buachaint an Ghradaim, Iarsmalann Eorpach na Bliana go raibh aird na meáin agus an phobail dírithe ar an Leabharlann go leanúnach ar feadh na bliana. I Meitheamh 2002 thug Cathaoirleach Fhóram Iarsmalainne na hEorpa, an Dochtúir Patrick Greene, cuairt ar Bhaile Átha Cliath chun léacht a thabhairt faoi Fhorbairtí Iarsmalainne Eorpacha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, agus moladh Leabharlann Chester Beatty go sonrath ar an ócáid sin.

An Holy Show: Ealaíontóirí Éireannacha agus an Sean-Tiomna

Tharla gur tháinig an nuacht maidir le Gradam Iarsmalann Eorpach na Bliana agus gur osclaíodh an *Holy Show: Ealaíontóirí Éireannacha agus an Sean-Tiomna*, mórán ag an am céanna. Is iad John Graham, Stephen Lawlor, James McCreery agus Niall Naessens ón Graphic Studio i mBaile Átha Cliath a bhí ag obair i gcomhar le Charles Horton, Coimeádaí, Bailiúcháin an Iarthair, a cheap agus a chuir chun cinn an *Holy Show*. Tríocha naoi bprionta shain-choimisiúnaithe ó ealaíontóirí cáiliúla comhaimseartha a bhí sa taispeántas. Is é an tasc a tugadh dóibh go gcruthódh gach duine acu saothar amháin a mbeadh Sean-Tiomna na gCríostaithe nó an Torah ina bhfoinse inspioráide leis i gcomhthéacs an bhailiúcháin. D'éirigh go hiontach leis an taispeántas agus bhí ceannach maith ar chóipeanna na bpriontaí. B'eiseamláireach an comhoibriú idir an coimeádaí, Graphic Studio agus urra na himeachta, Iona Technologies. Thug an t-uasal Horton comhairle do na healaíontóirí agus d'fhreastail sé don teacht agus imeacht; d'fhreastail sé do chur i láthair na saothar in éindí leis an Graphic Studio agus le John Sullivan ó Iona Technologies. Scríobh sé aiste freisin don chatalóg théagarthach a táirgeadh le haghaidh an taispeántais. Ba é Rabbi Julia Neuberger, Príomhfheidhmeannach, The King's Fund, Londain, a d'oscail an taispeántas. D'fhreastail nach mór 700 duine ar an imeacht.

Tháinig 1,400 duine ar chuairt go dtí an taispeántas sa chéad 24 uair agus níor mhaolaigh an tarraingt a bhí ag an bpobal air a fhad is a bhí sé ag rith go dtí go deireanach i mí Mheán Fómhair. Ba chéim mhór chun tosaigh don leabharlann an comhoibriú leis an Graphic Studio, ní hamháin

toisc gur tháinig lucht féachana nua go dtí na bailiúcháin dá bharr, ach gur chuir sé an lucht ar mhór acu na seanbhailiúcháin i dtaithí ar ábharthacht na haeistéitice nua-aimseartha. Ba den suntas freagairt na n-ealaíontóirí. Beidh deiseanna ann chun a leithéid a thaiscéaladh arís agus is bealach ar aghaidh é do thaispeántais na Leabharlainne. Chomh maith leis na saothair nua-aimseartha a bhí ar taispeáint cuireadh roinnt priontaí Dürer, paipírí bíobalta agus scrollaithe ón Torah i gcodarsnacht leo taobh le taobh. Deonaíodh sraith iomlán de na priontaí ar an Leabharlann. Cuireadh an taispeántas ar taispeáint go dtí ionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta eile. Tháinig 48,000 cuairteoir chuig an Leabharlann le linn an taispeántais.

Illustration Ireland – ealaíon an mhaisithe chomhaimseartha

I mí Dheireadh Fómhair bhí an Leabharlann ina óstach do *Illustration Ireland* – ealaíon an mhaisithe chomhaimseartha a raibh Saothair Illustrators Guild of Ireland ar taispeáint ann agus ar chuir an Guild i láthair é le tacaíocht ó Geometric, ó Philips Electronics Ireland agus ó J D Hackett & Co. Is le haghaidh Sheachtain an Dearaidh a suiteáladh an taispeántas de phriontaí, de líníochtaí, de leabhair mhaisithe chomhaimseartha agus de chartúin agus rith sé go dtí mí Eanáir 2003. Ba cosúil leis an *Holy Show* é sa mhéid gur glacadh leis go fonnmhar agus gur tharraing sé leis cuimse cuairteoirí nua chuig an Leabharlann agus gur aibhsigh sé a luachmhaire is atá sé gnéithe de na healaíona comhaimseartha a chuimsiú i gclár taispeántais na Leabharlainne.

MARGAÍOCHT

Tá tagairt déanta cheana féin do na feachtais fógraíochta agus chaidrimh phoiblí a lean ar aghaidh i rith na bliana. Is í Iníon O'Carroll, an Bhainisteoir Oibriúcháin, a bhainistíonn infheistíocht na Leabharlainne san fhógraíocht agus is í a mhaoirsigh an suirbhé a rinneadh ar chuairoteoirí agus chuaigh sí i gcomhairle le roinnt saineolaithe margaióchta maidir le straitéis fhadtéarmach na Leabharlainne. I rith na bliana agus go háirithe i bhfianaise bhronnadh an ghradaim, Iarsmalann Eorpach na Bliana, chláraigh an Leabharlann roinnt ainmneacha gnó ina bhfuil an focal 'Museum'. B'fhéidir go mbainfear úsáid as ceann acu sin amach anseo chun féiniúlacht níos soiléire don institiúid a leabú in intinn an phobail. Rinne Iníon O'Carroll taighde freisin le fáil amach ar fiú suirbhé níos leithne a choimisiúnú ag an leibhéal náisiúnta a thabharfadh le fios oiread an aithne atá ag an bpobal ar an Leabharlann agus a bhfaigheadh amach céard ab fhéarr a dhéanamh chun a cáil a chur in airde a thuilleadh.

BAILIÚCHÁIN

Tiomnacht ó eastát Neville John Irons.

In Eanáir 2002 chuir an Dochtúir Pollard críoch le socrúithe chun seilbh a ghlacadh ar cnuasach d'fheananna agus de theicstílí a thug Neville John Irons (1933-2000) le huacht don Leabharlann; ba shaineolaí agus ba dhéileálaí an tUasal Iron maidir le healaín Shíneach agus Sheapánach. Rugadh san Astráil é agus bhí sé bunaithe i Hong Kong tráth dá raibh; le blianta beaga anuas bhí cónaí air sa tSeanchill, Co. Bhaile Átha Cliath. Is saothair chaighdeánacha iad an dá leabhar dá chuid, *Fans of Imperial China* agus *Fans of Imperial Japan*. Cuireann na 500 mír, idir fheananna agus theicstílí, ón tSín, go mór le saibhreas agus le doimhne raon an bhailiúcháin. Is í Cliodna Devitt a thug faoi sheirbhísí caomhantais, a raibh airgead curtha go fial ar leataobh dóibh sa tiomnacht. Tá méid suntasach de na míreanna a tugadh le huacht anois ina ndlúthchuid den bhailiúchán. Tá obair fós le déanamh ar na teicstílí agus tá súil leis iad a bheith ionchorpraithe go hiomlán i 2003. Tá sé beartaithe na codanna is suntasaí den ábhar a chur ar taispeáint. Tá mír amháin, fean cogaidh ón tSeapáin, curtha ar taispeáint cheana féin.

I rith na bliana d'ullmhaigh an Dochtúir Pollard míreanna le cur in áit go leor de na taispeántáin atá sa rannóg Sheapánach agus Shíneach. Le cúnaimh ó Laura Muldowney rinne sí an roghnú a theastaigh ar na saothair agus scríobh téacsanna agus mionteagasc don dearthóir le haghaidh thaispeántas an tsamhraidh 2003 maidir le priontaí ar bhonn bloc adhmaid greanta de chuid an ealaíontóra Sheapánaigh, Hokusai.

Rinne an Dochtúir Elaine Wright athruithe suntasacha ar na taispeántais Ioslamacha i rith na bliana agus is í freisin a ghnóthaigh deontas ón bhfondúireacht Getty, Los Angeles, California chun leanúint leis an taighde a bhí ar siúl aici. Rinneadh dul chun cinn ar chóras bainistithe na mbailiúchán agus leanfar leis an obair ar an gcóras d'fhonn coigeartuithe a thabhairt chun míneadais.

Maidir le tuairisc imeachtaí na comhdhála bíobalta *The Word and Its Beginning: The Origin of the Fourfold Gospel* a chur i dtoll a chéile agus in eagar tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Uasal Horton.

FOILSEACHÁIN

Is í an Dochtúir Pollard a scríobh agus a roghnaigh na híomhánna do *The Art of Hokusai* a fhoilseoidh TownHouse, Baile Átha Cliath sa tsraith *Irish Treasures*. D’ullmhaigh an tUasal Horton a chuntas *Alfred Chester Beatty: from Miner to Bibliophile* a fhoilseofar sa tsraith *Irish Treasures* freisin agus thug cúnamh i ndáil le táirgeadh imleabhair chompánaigh *Treasuring the Word: an introduction to the Biblical manuscripts in the Chester Beatty Library* leis an Dochtúir David Edgar ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Foilseofar na trí leabhar i mí an Mheithimh 2003 agus is céim nua ar aghaidh é sin don Leabharlann chun treoracha póca do na bailiúcháin atá inacmhainne, soléite agus go breá maisithe a chur ar fáil.

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Tháinig an Leabharlann faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI) i mí an Mheithimh 2002. Ainmníodh trí bhall den fhoireann do na postaí a leanas

- Oifigeach FOI: Celine Ward, Leabharlannaí Tagartha;
 - Cinnteoir: Derval O'Carroll, Ardoifigeach Oibriúcháin; agus
 - Athbhreithneoir Inmheánach: An Dochtúir Michael Ryan, Stiúrthóir
- agus cuireadh oiliúint orthu dá réir. Foráiltear in Ailt 15 agus 16 den Acht go gcuirfear lámhleabhair in alt a chéile d’fhonn cuidiú le baill an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ar fáil faoin Acht. Foilsíodh iadsan ar shuíomh idirlín na Leabharlainne. Níor cuireadh aon iarratais SF (Saoráil Faisnéise) chuig an Leabharlann i 2002.

CAOMHANTAS

Cuireadh amach ar chonradh an chuid is mó den obair chaomhantais a rinneadh in imeacht na bliana. Bhí Matthew Hatton i mbun athchóirithe ar lámhscríbhinn téagartha sa Leabharlann agus tá lámhscríbhinn mionaithe den Qur'an á hathchóiriú ar bhonn leanúnach i Leabharlann Choláiste na Tríonóide. Thug Cliodna Devitt chun críche an obair athchóirithe a bhí ar siúl aici ar theicstíl Shíneach ón Ríshliocht Ming agus cuireadh ar taispeánt i nGailearaí na dTraidisiún Sácráilte. I rith na bliana, ar iarratas ó na Cartlanna Náisiúnta, chuir an Leabharlann spás ar leataobh sa tsaotharlann chaomhantais do Benjamin van de Wetering agus don obair a bhí ar siúl aige ar athchóiriú Pléadálacha Seansaireachta a d’fhulaing damáiste nuair a chuaigh na Ceithre Chúirt, Baile Átha Cliath trí thine i 1922. Ba chúis ríméid don Leabharlann go rabhthas in ann teacht i gcabhair ar institiúid deirfiúrach ar an dóigh sin. Tá comhairle agus caomhantas inmheánach de

dhíth i dtaca le bainistíocht an bhailiúcháin agus ní féidir ábhar a chur ar fáil do thaispeántais thar lear ar bhonn sábháilte gan choimeádaí lántiomnaithe a bheith fostaithe le haghaidh na hoibre sin. Ba ghné thábhachtach den fheachtas bailithe airgid i rith na bliana airgeadú a fháil chun duine a fhostú i bpost mar Choimeádaí agus déanfar sin i 2003.

LÍON NA gCUAIRTEOIRÍ

Tháinig beagán os cionn 105,000 chuariteoir chuig an Leabharlann i 2002. Is ionann sin agus méadú de 30,000 ar líon na gcuairteoirí i 2001 agus le méadú de nach mór 100,000 ar an líon a thagadh de ghnáth go dtí an seanáitreabh i mBothar Shrewsbury sna 1990aidí. Is as Éirinn agus go háirithe ó mhór-réigiún Bhaile Átha Cliath a tháinig céatadán mór (ca. 60% de na cuairteoirí) ach taifeadadh freisin gur tháinig líon suntasach ó thar lear, go háirithe ón Iodáil, ón nGearmáin, ón mBreatain Mhór, ón bhFrainc, ón tSeapáin agus ó na Stáit Aontaithe.

OIDEACHAS

Sholáthair Oibrithe Deonacha na Leabharlainne seirbhísí riachtanacha éagsúla don phobal i gcoitinne lena n-áirítear turais faoi stiúir threoraithe, cúnamh le ceardlanna do pháistí, tionscadail forbartha oideachais, gníomhú mar ionadaithe seirbhísí cuairteoirí agus cúnamh a thabhairt le siopa na mbronntanas agus na leabhar. Tugadh chun críche go rathúil i mBealtaine 2002 an obair le bunscoileanna ar fuarthas maoiniú fial lena haghaidh ó na Fondúireachtaí Paul Hamlyn agus Calouste Gulbenkian. D'oibrigh daltaí ón mBunscoil Náisiúnta Mhoslamach, Cluain Sceach, agus ó Bhunscoil Réalt na Mara, Dúmhach Thrá le dhá ealaíontóir, Clare Barman agus Maria Parsons, maille leis an Oifigeach Oideachais, Jenny Siung. Thaiscéal na páistí éagsúlacht na n-ainmhithe atá léirithe sa bhailiúchán. As sin chruthaigh siad imprisean tríthoiseach de Áirc Noah a cuireadh ar taispeánt in Amharclann na Léachtaí i mí an Mheithimh agus ar tugadh go dtí gach scoil faoi leith sa tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go Nollaig 2002.

Chuaigh an Leabharlann ansin i mbun comhoibríthe le ceithre bhunscoil i gceantar Bhaile Átha Cliath, an dá cheann a luaitear thuas agus Scoil náisiúnta Naomh Bríd, An Com, agus Scoil Mobi, Gaelscoil i nGlas Naíon. Bhuail na páistí le roinnt charachtar a bhí bunaithe ar phearsana stairiúla a bhain le Bóthar an tSíoda agus lean leo dá dtionlacan ar a n-aistir agus ar a n-eachtraí tríd an mbailiúchán. I 2003 cuirfidh na páistí ball críche ar a gcuid táscleabhar a bheidh bunaithe ar na gcarachtair ar bhuail siad leo sa Leabharlann.

Nuachtlitir

Foilsítear an nuachtlitir againn trí uaire in aghaidh na bliana agus dáiltear go forleathan í tríd an bpost agus go leictreonach.

Léargas - Netd@ys

I Samhain 2002 lainseáil an Leabharlann trí cinn de ghníomhaíochtaí le haghaidh páistí ar an suíomh idirlín, a bhí bunaithe ar ghnéithe an bhailiúcháin: Conas masc dragain a dhéanamh, Cruthaigh do marc leathanaigh de do chuid féin ag baint inspioráid as dearaidh sa bhailiúchán Ioslamach agus Conas páipéar a dhéanamh. Is iad Marisa Tomé, Laura Zubeldia, An Dochtúir Clare Pollard, An Dochtúir Elaine Wright, Charles Horton, Stephen Farrell agus Jenny Siung a cheap na gníomhaíochtaí. Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh Léargas Netd@ys atá ceaptha chun daoine óga a spreagadh chun úsáid a bhaint as an idirlín mar uirlis oideachais.

Féilte Páiste

Tugadh cuireadh don Leabharlann páirt a ghlacadh in go leor féilte ar fud na hÉireann: Orthu sin bhí Hullabaloo i bPort Láirge, Féile na nEalaíon i gCill Chainnigh, Pléaráca i gConamara agus Baboró i nGaillimh. Chuaigh roinnt Ealaíontóirí neamhspleácha go dtí scoileanna agus ionaid ealaíon thar ceann na Leabharlainne agus chuir ceardlanna ar fáil le téamaí cosúil le dathú láimhe le henna, origami (ealaíon fillte páipéir ón tSeapáin), searmanas traidisiúnta thé na Seapáine agus conas mapa Bhóthar an tSíoda a dhéanamh, trí mheán na Gaeilge. Rinneadh scannán den cheardlann um dhathú láimhe le henna i nGaillimh do chlár páiste RTÉ.

OIBRIÚCHÁIN THEICNIÚLA

I rith na bliana rinne Stephen Farrell, an Bainisteoir Teicniúil maoirsiú ar obair chothabhála ar phlanda meicniúil agus leictreach uile na Leabharlainne le cúnamh ón bPríomhfhreastalaí, Tony Hutchings. Bhí obair speisialaithe an Uasail Farrell ar na chórais ríomhaire agus cumarsáide thar bheith tábhachtach ó thaobh fheidhmiú na Leabharlainne de. Choinnigh sé an suíomh idirlín chun dáta go seasta agus thug chun míneadais córas bainistithe na mbailiúchán.

Ba as tionscnamh dá chuid a d'fhás an coincheap ba bhonn le córas chun seirbhísí leictreonach closamhairc a chur chun cinn ar fud na Leabharlainne. Cuirfidh an deontas de €80,000 a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar chumas na leabharlainne obair luachmhar na dtreoraithe deonacha a chomhlánú agus leibhéal faisnéise níos doimhne maidir leis na taispeántáin a sholáthar. Is é an tUasal Farrell a dhear an chóras, a rinne na turgnaimh ba ghá le

fáil amach an oibreodh sé agus is é a bhainistíonn an tionscadal seo ar bhonn leanúnach. Is á Patrick Sammon, an Chéad Rúnaí, a tháinig ar iasacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha a chabhraigh linn chun an tráchtas a chomhordú.

SIOPA BRONNTANAS agus LEABHAR, IMEACHTAÍ, BIALANN

Chuir Geraldine Healy siopa bronntanais agus leabhair Chester Beatty chun cinn i 2002 agus is í a fuair amach cá háit roinnt earraí marsantais nua a bhain go sonrach leis an Leabharlann a cheannach. D'fheidhmigh an siopa níos fearr agus ba é an marsantas nua agus an t-atheagrúchán agus an bholscaireacht ba chúis leis sin go páirteach, ach chuidigh an méadú ar líon na gcuariteoirí freisin. Ag druidim i dtreo dheireadh na bliana d'fhág Iníon Healy slán leis an Leabharlann chun deiseanna gairmiúla eile a thriail. Is cuí é a lua anseo agus a rá gur mhór againn an tseirbhís a thug sí don Leabharlann ó tháinig sí mar bhall foirne i Samhain 1999, agus an chaoi ar thosaigh sí na cosa beaga a chur faoi asraon beag go ndearna sí siopa rathúil agus antarraingteach de in am d'ócáid na hoscailte i Feabhra 2000. Is í Antonella Barbati a tháinig i gcomharbacht uirthi mar bhainisteoir siopa i mí na Nollag 2002. Bhí Lisa Fitzsimons ag obair go páirtaimseartha mar Chomhordnóir Imeachtaí agus chuir sí le líon na n-eagraíochtaí a d'fhruiligh spás sa Leabharlann le haghaidh imeachtaí speisialta. Bhí Caifé Bhóthar an tSíoda faoi bhainistíocht Abraham Phelan agus b'ionad tarraingteach í do chuariteoirí ar an Leabharlann agus dá cheart féin tharraing sé trácht fabhrach sa phreas náisiúnta.

FOIREANN na bhFREASTALAITHE

I rith na bliana d'fheabhsaigh foireann na bhfreastalaithe na socruithe slándála sa Leabharlann. Thug siad cúnadh taca maidir le himeachtaí speisialta a reáchtáil agus maidir le seirbhísí a chur ar fáil do thaighdeoirí. Ghlac cuid acu le hoiliúint chun scileanna ríomhaire a fhoghlaim. Ba mhór ag an Leabharlann an cúnadh taca a thug Albert Mason agus James Curran le linn ghléasadh na dtaispeántas. Luaitear go tráthrialta i leabhar na gcuariteoirí agus i gcumarsáid cneastacht fhoireann na bhfreastalaithe, an fháilte a fhearann siad ar chuariteoirí agus a thoilteanaí is atá siad cúnadh a thabhairt don phobal.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE

An Stiúrthóir, An Dochtúir Michael Ryan

In Eanáir agus i bhFeabhra 2001 thug an Dochtúir Ryan cuairt ar na Stáit Aontaithe chun plé a dhéanamh le hiarsmalanna i Nua Eabhrach, i nDeinbhir agus i Los Angeles faoi chur chun cinn dhá thaispeántas taistil na Leabharlainne. Rogha de thaiscí na Leabharlainne a bhí i gceann amháin acu agus ba thaispeántas speisialaithe de phictiúir Mhógail (le bheith eagraithe ag Art Services International) an ceann eile. Thug an Stiúrthóir dhá chuairt eile ar na Stáit Aontaithe, mar aoi-chainteoir ag Acadamh Meanaoise Meiriceá agus mar aoi ag na hAcadaimh Náisiúnta i Washington DC, a chuir ar a chumas gnó tábhachtach a bhain le Leabharlann Chester-Beatty a chur ar a chlár oibre lena n-áirítear cuairteanna chun airgead a thiomsú agus comhoibriú a chur chun cinn leis na Gailearaithe Freer agus Sackler i Washington DC.

D'fhóin an Dochtúir Ryan mar Chisteoir in Acadamh Ríoga na hÉireann agus ina dhiaidh sin toghadh é mar Uachtarán i Márta 2002. Ina cháil mar Uachtarán fónann sé ex officio mar chomhalta ar Bhord Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí na Dánlainne Náisiúnta agus ar Chomhairle Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Fónann sé ar bhonn leanúnach mar Chathaoirleach ar an gClár Discovery. Thug sé go leor léachtaí faoin Leabharlann agus faoi na bailiúcháin agus thug sé léachtaí freisin a bhain lena shainréimse, an tseandálaíocht. D'fhoilsigh Pindar Press, Londain cnuasach dá aistí ar mhíotalóireacht na luath-mheánaoise i rith na bliana. Rinne an Stiúrthóir cuimse agallamh ar an raidió, ar an TV agus sna nuachtáin i 2002. Thug sé cuairt freisin ar an tSeapáin mar aoi Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Seapáine agus bhí cruinnithe aige le hinstiúidí móra cultúrtha i Tokyo, Hiroshima, Nara agus Kyoto.

Bhí an deis aige sa tSeapáin caidreamh a chothú maidir le taispeántais thodhchaíocha a bhí beartaithe agus maidir le comhdháil sa Leabharlann. Rinne sé ionadaíocht thar ceann na Leabharlainne ag cruinniú d'Fhóram Iarsmalainne na hEorpa sa Lucsamburg. In éindí leis an gCathaoirleach ghlac sé páirt i gcuimse chruinnithe a bhain leis an bhfeachtas tiomsaithe airgid don Leabharlann agus scríobh sé roinnt iarratais thábhachtacha lena gcur chuig na Fondúireachtaí.

Charles Horton

Freagrachtaí maidir le foilseachán, ba iad na ba mhó a bhí ina n-inneall do ghníomhaíochtaí Rannóg an Iarthair; bhí an obair a bhain le foilseachán pháipéir na Comhdhála *Word* agus leis an tsraith nua de threoracha, *Irish Treasures* a bhí le foilsiú ag Townhouse, ag dul ar aghaidh i gcónaí. Is é an tUasal Horton freisin a ghléas an taispeántas *Holy Show* ar éirigh go hiontach leis agus is é a rinne maoirseacht ar fhoilseachán na catalóige. Ghléas sé taispeántas beag de

lámhscríbhinní Aetópacha na Leabharlainne le haghaidh chuairt Phríomhaire na hAetóipe Meles Zenawi.

Scríobh an tUasal Horton páipéar le haghaidh na Comhdhála, *Versatile Text* a tionóladh i nDún Éidin in Aibreán agus thug léachtaí do ghrúpaí i nDánlann Náisiúnta na hÉireann agus i Roinn Stair na hEalaíne in UCD agus do ghrúpaí speisialtóirí ar chuairt, go háirithe iadsan le spéis sa Bhíobla. Dhéileáil sé freisin le cuimse léachtóirí acadúla a bhí ag ceadú na lámhscríbhinní Bíobalta agus Iarthair. Chuidigh sé le táirgeadh físeáin a mbainfí úsáid as sna scoileanna agus a bhfuil sealúchais Sean-Tiomna na Leabharlainne léirithe ann. Baintear úsáid as an bhfíseán, ar chuid den tsraith *Alive-O* é, i mbunscoileanna Caitliceacha uile an chontae. Áirítear freisin cion an Uasail Horton den obair a rinneadh ar chlár BBC Raidió 4, *In the Footsteps of Saint Paul* agus na leathanaigh breise ar an ábhar céanna a chuir sé le suíomh idirlín na Leabharlainne (www.cbl.ie/saintpaul). Bhíothas ag iarraidh cúnamh ón Uasal Horton freisin maidir le cláir faisnéise Fhrancacha agus Bhreatnacha a bhain le téamaí ón mBíobla.

An Dochtúir Claire Pollard

I rith na bliana foilsíodh *Master Potter of Meiji Japan: Makuzu Kōzan (1842 - 1916) agus a Cheardlann* leis an Dochtúir Pollard sa tSraith, Oxford Oriental Monographs. Ba chúis áthais do na hIontaobhaithe tacaíocht a thabhairt don saothar breá scoláireachta seo ar toradh é ar na blianta fada taighde. Rinne an Dochtúir Pollard athruithe móra ar na taispeántais agus ina theannta sin d'oibrigh sí ar bhailiúchán Neville John Irons agus ar ullmhúchán taispeántas Hokusai i samhraidh na bliana 2003. Dhéileáil sí le cuimse taighdeoirí agus rinne réamhobair le haghaidh na comhoibrithe a bhí beartaithe in éindí le hOllscoil Kyo, Tokyo chun cnuasach *Nara ehon* (leabhair daite ó Nara) a aistriú go foirm dhigiteach. I Márta 2002 d'fhoilsigh Institiúid Náisiúnta Litríocht na Seapáine dhá imleabhar oirirce, Catalóg Thuairisciúil na Lámhscríbhinní Maisithe agus na Leabhair Chlóite Seapánacha atá i seilbh Leabharlann Chester Beatty. I gcomhar le Yoshiko Ushioda iarChoimeádaí an Bhailiúcháin Sheapánaigh rinne an Dochtúir Pollard a cion den taighde a bhain leis an saothar mionsonraithe seo. Is féidir cóipeanna den fhoilseachán seo a cheannach sa siopa leabhair: is i Seapáinis den chuid is mó atá an t-imleabhar le téacs scríofa agus is i Seapáinis agus i mBéarla atá an t-imleabhar leis na plátaí léirithe scríofa.

An Dochtúir Elaine Wright

I mí Mhárta thug Iarsmalann Gulbenkian i Liosbóin cuireadh don Dochtúir Wright teacht i gcabhair orthu chun cnuasach lámhscríbhinní Timurid (lss.Peirseacha ón 15ú haois) na hIarsmalainne a chatalógú. Chuir sí dhá léacht i láthair i Nua Eabhrach san Fhómhar: i mí

Dheireadh an Fómhair chuir sí léacht i láthair sa Metropolitan Museum of Art dar teideal *Manuscript Illumination and Patronage in Shiraz in the Period of Injuid Rule (1303-1357)*, agus i mí na Samhna ghlac sí páirt i gcomhdháil in Ollscoil Nua Eabhrach, ag caint faoi *Stepped Textblocks: Folio Layout in the Illustrated Manuscripts of Injuid Shiraz* mar chuid den Chomhdháil *Reading the Image, Performing the Text*.

Scríobh sí píosa gearr dar teideal ‘About the Manuscripts’ don leabhar *The Conference of the Birds, The Selected Sufi Poetry of Farid ud-Din Attar*, le Farid ud-Din Attar, arna fhoilsiú ag Francis Lincoln Ltd, Londain. Bhronn Fondúireacht Getty i Los Angeles, California Comhaltacht um Thaighde Coimeádaithe uirthi a cheadóidh di taighde a dhéanamh ar an téama: pátrúnacht do lámhscríbhinní san Iaráin agus sa Tuirc sa 15ú haois.

Glacfaidh sí leis an gcomhaltacht go luath i 2003. Bhainistigh an Dochtúir Wright iasachtaí na Leabharlainne do thaispeántais i Nua Eabhrach, i Los Angeles agus i Londain freisin, chuir sí ábhar breise leis na buantaispeántais agus déileáil sí le cuimse taighdeoirí.

Celine Ward

Tugadh chun críche rangú an ábhair sa Leabharlann Tagartha faoi mhaoirseacht an Leabharlannaí Thagartha. Suiteáladh córas tagartha uathoibríthe leabharlainne (Libero) a chinnteoidh go mbeidh fáil ar líne ar an gcatalóg thagartha agus ar chatalóg na leabhar uathúil. Laineálfar an Leabharlann Tagartha agus an chatalóg nua uathoibríthe go foirmeálta i 2003. Fuair an Leabharlann Tagartha tiomnacht de 100 imleabhar faoi teicstílí Áiseacha ó Neville John Irons atá básaithe. Thug Iníon Ward a staidéir le haghaidh céim Mháistir i Staidéir Leabharlainne agus Faisnéise chun críche.

Jenny Siung

Rinne an tOifigeach Oideachais maoirsiú ar chlár poiblí na Leabharlainne lena n-áirítear na turais threoraithe thráthrialta, ceardlanna do pháistí, léirithe, agus imeachtaí ceoil san atrium maille le dhá lá teaghlaigh a raibh ceiliúrthaí le haghaidh Lá Idirnáisiúnta Pháistí na Seapáine i mí Mheithimh agus le haghaidh na Féile Hindu Diwali i mí Dheireadh Fómhair ar siúl lena linn. Ar na himeachtaí eile bhí: Féile na Bealtaine do sheandaoine i mí na Bealtaine; sraith léachtaí mar chuid de thaispeántas *Holy Show*; ceardlanna míosúla do pháistí ar théamaí éagsúla coimhthíocha; agus an togra leanúnach i mbunscoileanna Bhaile Átha Cliath a bhí urraithe ag na Fondúireachtaí Gulbenkian agus Paul Hamlyn. Fuair sí cúnamh ó Marisa Tomé Valiente, an Comhordnóir Deonach, a spreag na hoibríthe deonacha toisc a fhoilsiú is a bhí sí i mbun oibre.

Derval O'Carroll

Is iad gníomhaíochtaí margáíochta agus bolscaireachta a bhíonn lárnach i saol laethúil Ardoifigeach Oibriúcháin na Leabharlainne i gcónaí, mar atá ceisteanna forbartha agus bainistíochta a bhaineann le taispeántais, obair chothabhála, seirbhísí slándála agus cuairteora, cúrsaí agus imeachtaí pearsanra agus cúrsaí miondíola. Bhí sí gafa ar feadh píosa le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch, agus ar feadh píosa eile le hathbhreithniú iomlán ar shlándáil na Leabharlainne.

In éindí leis an Stiúrthóir choinnigh sí léi ag comhoibriú le OOP maidir le forbairt na Leabharlainne amach anseo agus is í freisin a bhainistigh páirteachas na Leabharlainne i Scéim píolótach na Comhairle Oidhreachta um Chaighdeán agus Chreidiúnaithe do Iarsmalanna. D'fhóin Iníon O'Carroll mar Rúnaí Oinigh Chumann Iarsmalanna na hÉireann agus is í a toghadh mar Chisteoir an Chomhlachta sin i mí Dheireadh Fómhair 2002. D'fhóin sí freisin mar chomhalta ar an gcoiste um Institiúidí Náisiúnta Cultúrtha a mhargú arna eagrú ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Vera Greif

D'ullmhaigh an Bainisteoir Airgeadais faisnéis agus doiciméadú airgeadais don Stiúrthóir, do na hÍontaobhaithe agus don Choiste Airgeadais agus Iniúchta nua. D'ullmhaigh sí buiséid agus réamh-mheastacháin shreabhadh airgid agus chuaigh sí i mbun caidrimh leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus le hiniúcháirí na Leabharlainne, PricewaterhouseCoopers. Chuir sí nósanna imeachta airgeadais ar bun chun priontaí a dhíol le linn an taispeántais *Holy Show*, agus thug comhairle do bhainisteoir an tsiopa maidir le bearta éifeachtacha airgeadais agus le cúrsaí bainteacha.

Sinéad Ward

Bhí cartlann na ngrianghraf ag leathnú i gcónaí i 2002 agus rinneadh taifid thábhachtacha de go leor saothar as an bailiúchán. Tháinig níos mó iarratas ar atáirgeadh ná riamh: foilsíodh íomhánna as an mbailiúchán i leabhair, in irisí, i gcláir faisnéise, i dtaispeántais ar shuímh idirlín agus i CD-ROManna ar fud an domhain. I rith na bliana chomhordaigh Iníon Ward na hÍomhánna do na trí fhoilseachán atá le teacht ón Leabharlann. D'fhreastail sí ar cúrsa oiliúna i scileanna ríomhaire agus ar réamhchúrsa i mBurmais (teanga Myanmar) ag an School of Oriental and African Studies i Londain.

Lisa Fitzsimons

Tháinig Iníon Fitzsimons chuig an Leabharlann mar chomhordnóir Imeachtaí i Meitheamh 2002. I rith na bliana bhainistigh sí 35 imeacht lae agus 18 n-imeacht oíche. I dteannta bainistiú imeachtaí thug sí cúnamh d'iníon O'Carroll i ndáil le dualgais mhargaíochta agus d'oibrigh sí go páirtaimseartha sa siopa leabhair agus bronntanais.

FOIREANN na LEABHARLAINNE

Stiúrthóir: Michael Ryan, MA Ph.D. PRIA FSA

Coimeádaí, Bailiúcháin an Iarthair: Charles Horton, MA, Diop. Staidéir Chartlainne

Coimeádaí, Bailiúcháin na hÁise Thoir: Clare Pollard, MA, D. Phil

Caomhnóir, Bailiúcháin Ioslamacha: Elaine Wright, MA, M. Phil, D. Phil

Leabharlannaí Tagartha: Celine Ward, BA, MLIS

Oifigeach Oideachais: Jenny Siung, M.Litt, Ard-Diplóma i Riarachán Ealaíon, Ard-Diplóma san Oideachas Aosach agus Pobail

Ardoifigeach Oibriúcháin: Derval O'Carroll, MA

Bainisteoir Teicniúil: Stephen Farrell, BA (Mod.)

Bainisteoir Airgeadais: Vera Greif

Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir June Lattimore

Cúntóir Sinsearach Leabharlainne: Olivia Lardner, BA, Diop.LIS

Cúntóir Riaracháin: Sinéad Ward, BA, Ard-Diplóma i Riarachán Ealaíon

Bainisteoir Siopa (go dtí mí na Samhna): Geraldine Healy, BA, [Ard-Diplóma i mBainistíocht Oidhreachta](#)

(ó mí na Nollag ar aghaidh): Antonella Barbatì

Comhordnóir Imeachtaí (go dtí mí an Mheithimh): Janet Sheahan, Ard-Diplóma Physio., Diplóma i Riarachán Ealaíon

Comhordnóir Imeachtaí (ó mhí an Mheithimh): Lisa Fitzsimons, MA

Comhordnóir Deonach: Marisa Tomé Valiente, BA

Cúntóir Taighde: Selen Gjerstad Etingü, MA.

Cúntóir Coimeádaithe: Laura Muldowney, MA

CÚNTÓIRÍ SIOPA:

Naoise Soughley BA (Mod.)

John Synnott

CÚNTÓIR UM DHEARADH GRAFACH

Laura Zubeldia

Freastalaithe

Príomhfhreastalaí: Anthony Hutchings

Freastalaithe Sinsearacha: Albert Mason, Kevin Hackett

Freastalaithe: James Curran, John Madden, Joseph Doyle, Val Kavanagh, David Holmes-O'Byrne, Michael O'Neill, Tony Gallagher, Frank Hyland, Brendan Lynch

Comhairleoirí

Yoshiko Ushioda

Dearthóirí Taispeántais: Vermillion Design

Dearadh Litríocht Bholscaireachta: Vermillion Design agus Geraldine Garland

Caidreamh Poiblí: Coyne Communications

Grianghráfadóireacht: Roy Hewson agus Barry Mason

Caomhantas: Susan Corr, Clodna Devitt, Niamh McGuinne, Mathew Hatton

Tiomsú Airgid CCS (Neal Newman)

Teicneolaíocht Faisnéise: Peter Wood

OIBRITHE DEONACHA:

TREORAITHE TURAIS

Clare Barman

Donagh Coleman

Dorothy Dennis

Jack FitzGerald

Marian Grimes

Delphine Kelly

Ciaran O'Leary

Phillippa Quinlan

Cathriona Russell

Melanie Seavers

Margaret Sheehy

Joan Walker

IONADAITHE SEIRBHÍS CHUAIRTEORA

Margart Brady

Millie Cullivan

Susan Dillon

Maura Fennell

Aileen Flynn

Kathleen Hickey

Kurt Kullman

Alan Marshall

Vera Murtagh

Mary Neville

Cathleen Robinson

Wioletta Smardz

Cassian Sweeney

CÚNTÓIRÍ OIDEACHAIS

Sandra Bourne

Andrea Dodd

Agata Oleksiak

Eithne Owens

Saeko Sogiso

Yoko Wakabayashi

CÚNTÓIR um CHEARTA AGUS ATÁIRGEADH

Gwen Farrelly

CUAIRTEOIRÍ OIRIRCE i 2002

Henry Chen, Ceann, Oifig Ionadaíochta Taipei, Baile Átha Cliath

An tOllamh Donald Keene, Lárionad Chultúr na Seapáine, Nua Eabhrach

A Shoilse Kamal Kharrazi, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Ioslamach na hIaráine

Rabbi Julia Neuberger, Príomhfheidhmeannach, The King's Fund, Londain

John O'Donoghue, TD, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Tu Cheng-Sheng, Stiúrthóir, National Palace Museum, Taipei, an Téaváin

A Shoilse Meles Zenawi, Príomhaire na hAetóipe

CLÁR COMHARDAITHE – 31 Nollaig 2002

	2002	2001
	€	€
Sócmhainní Reatha		
Stoic shiopa	69,806	30,846
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	3,193	8,086
Infheistíochtaí	895,073	-
Iarmhéid bainc agus airgead tirim	<u>158,186</u>	<u>1,163,860</u>
	1,126,258	1,202,792
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	<u>(55,790)</u>	<u>(57,225)</u>
Sócmhainní reatha glana	1,070,468	1,145,567
Sócmhainní Seasta	<u>65,407</u>	<u>90,356</u>
	<u>1,135,875</u>	<u>1,235,923</u>
Caipiteal agus cúlchiste	209,802	146,810
Farasbarr iarmharach tar éis iar-áitreabh a dhiúscairt	<u>926,073</u>	<u>1,089,113</u>
	<u>1,135,875</u>	<u>1,235,923</u>

AN tACHT um ÍOC PRAS CUNTAS 1997

Cuirtear gach seic chuig an Stiúrthóir, nó chuig dhuine ábhartha eile chun íocaíocht a údarú. Déantar íocaíochtaí le seic thart ar an dara seachtain de gach mí. Déantar íocaíochtaí cinn bliana suas go dtí deireadh mhí na Nollag d'fhonn fabhruithe a laghdú. Níor íocadh ús riamh i ndáil le híocaíochtaí deireanacha.

Iontaobhaithe

An Dochtúir TP Hardiman

An tOllamh R Stalley

Stiúrthóir/Leabharlannaí